

CUNTAIS AN CHISTE

Rialtais Áitiúil 2011

agus

Tuarascáil an Ard-Reachtair

Cuntas agus Ciste



CUNTAIS AN CHISTE

Rialtais Áitiúil 2011

agus

Tuarascáil an Ard-Reachtair

Cuntas agus Ciste

Cuntas an Chiste Rialtais Áitiúil 2011

- **Ginearálta**

Bunaíodh an Ciste Rialtais Áitiúil leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1998 le héifeacht ón 1 Eanáir 1999.

Íoctar fáiltais mhótarchánach (glan ar aisíocaíochtaí) agus ranníocaíocht ón Státchiste isteach sa Chiste.

Ullmhaíodh an tacar cuntas seo don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011.

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Ullmhaíodh na cuntais ar bhonn fabhráithe.

- **Aitheantas Ioncaim**

Léiríonn ioncam ar mhótarcháin suimeanna a bhailíonn Údaráis Mhótarchánach agus atá dlite don Chiste, faoi réir Alt 5(2) den Acht Rialtais Áitiúil, 1998. Aithnítear ús bainc ar bhonn fabhráithe. Aithnítear maoiniú státchiste agus gach ioncam eile ar bhonn fáiltais airgid amháin.

- **Aitheantas Caiteachais**

Aithnítear caiteachas ón gCiste ar a mbonn seo a leanas:

- leithdháiltí a mheastar a bheith dlite d'údaráis áitiúla sa bhliain 2011;
- forchúitimh atá dlite don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, (Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Thiománaithe agus Feithiclí) ó chuntas an Chiste;
- forchúiteamh caiteachais ar scéimeanna ceadaithe maidir le Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla agus Grúpscéimeanna Uisce; agus
- caiteachas atá ceadaithe ag an Aire agus atá tabhaithe ag Údaráis Áitiúla.

An Ciste Rialtais Áitiúil

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

<u>Ioncam</u>	<u>Nótaí:</u>	<u>2011</u>	<u>2010</u>
		€	€
Ioncam Mótarchánach	1	1,011,629,770	1,021,366,254
Maoiniú Státchiste	2	175,000,000	241,403,000
Ús Bainc		2,368,653	1,077,139
Ioncam Eile	3	<u>429,377</u>	<u>-</u>
		<u>1,189,427,800</u>	<u>1,263,846,393</u>
<u>Caiteachas</u>			
Íocaíochtaí Ilchuspóireacha	4	699,761,891	762,784,350
Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	5	397,580,000	411,409,000
Seirbhísí Uisce	6	33,954,873	38,521,688
Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Thiománaithe agus Feithiclí	7	13,253,301	14,853,737
Áiseanna Spóirt don Phobal	8	950,318	-
Comhpháirtíocht Áitiúil	9	740,965	30,000
Bearta um Chuimsiú Sóisialta	10	629,398	680,100
Maoiniú d'Aimsir Chrua Gheimhridh	11	374,938	14,336,083
Coiste na Réigiún	12	281,323	-
Riarachán an Cheadúnaithe Tiománaithe	13	158,455	200,000
Fóram Stiúrtha Uile-Oileáin	14	52,500	52,500
Eile	15	574,935	281,231
Iníúchadh ar Áiseanna Pobail, Ealaíon agus Spóirt		-	21,859
		<u>1,148,312,897</u>	<u>1,243,170,548</u>
Barrachas don bhliain		41,114,903	20,675,845
Barrachas Carntha amhail an 1 Eanáir		82,503,209	61,827,364
		<u>123,618,112</u>	<u>82,503,209</u>

Is cuid de na Cuntais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanach 1 agus Nótaí 1 go 17.

Síniú 
 Geraldine Tallon
 Ard-Rúnaí

Dáta 26/11/12

An Ciste Rialtais Áitiúil

Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2011

	<u>Nótaí</u>	<u>2011</u>	<u>2010</u>
		€	€
<u>Sócmhainní Reatha</u>			
Banc		116,789,929	76,747,616
Mótarcháin atá dlite	16	6,873,314	5,755,593
		<u>123,663,243</u>	<u>82,503,209</u>
 <u>Dliteanais Reatha</u>			
Fabhruithe	17	45,131	-
Glansócmhainní		<u>123,618,112</u>	<u>82,503,209</u>
Léirithe ag an mBarrachas Carntha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		<u>123,618,112</u>	<u>82,503,209</u>

Is cuid de na Cuntais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanach 1 agus Nótaí 1 go 17.

Síniú

Geraldine Tallon
 Geraldine Tallon
 Ard-Rúnaí

Dáta

26/11/12

An Ciste Rialtais Áitiúil

Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2011


	<u>2011</u>	<u>2010</u>
	€	€
<u>Réiteach barrachais/easnaimh chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</u>		
Barrachas don bhliain	41,114,903	20,675,845
Ús Tuillte ar Thaiscí	(2,368,653)	(1,077,139)
(Méadú)/Laghdú ar an Mótarcháin atá dlite	(1,117,721)	587,309
Méadú ar Fhabhrúithe	45,131	-
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>37,673,660</u>	<u>20,186,015</u>
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid		
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	37,673,660	20,186,015
Torthaí ar Infheistíochtaí agus Fónamh ar Airgeadas		
Ús Tuillte ar Thaiscí	2,368,653	1,077,139
Méadú ar Airgead	<u>40,042,313</u>	<u>21,263,154</u>
<u>Réiteach glansreafaí airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí</u>		
Athruithe ar Ghlan-Chistí de bharr Sreabhadh Airgid		
Glan-Chistí amhail tús na Bliana	76,747,616	55,484,462
Glan-Chistí amhail deireadh na Bliana	116,789,929	76,747,616
Méadú ar Airgead sa Bhliain	<u>40,042,313</u>	<u>21,263,154</u>

Is cuid de na Cuntais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanach 1 agus Nótaí 1 go 17.

Síniú


 Geraldine Tallon
 Ard-Rúnaí

Dáta



Nótaí leis na Cuntais

1. Ioncam Mótarchánach

Léiríonn an figiúr seo cáin ar mhótarfheithiclí, dleachtanna ceadúnais tiománaithe agus táillí agus dleachtanna ilghnéitheacha a bhailigh Údarás Mhótarchánach, agus lamháltas déanta acu d'aisíocaíochtaí.

	2011	2010
	€	€
Ollioncam ó Údarás Mhótarchánach	1,013,196,748	1,023,004,367
Lúide Aisíocaíochtaí	(1,566,978)	(1,638,113)
Glanioncam ó Údarás Mhótarchánach	<u>1,011,629,770</u>	<u>1,021,366,254</u>

2. Maoiniú Státhchiste

Léiríonn an figiúr seo an íocaíocht ó airgid a chuir an tOireachtas ar fáil de réir Alt 4 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998, arna leasú ag Alt 17 den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009. Cinneann an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an tsuim gach bliain, le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

3. Ioncam Eile

Bhunaigh bainisteoireacht údarás áitiúil agus ceardchumann Grúpa Comhairleach Comhpháirtíochta Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil (LANPAG) i 1999 faoi théarmaí an chomhaontaithe comhpháirtíochta náisiúnta – Comhpháirtíocht 2000. Ba é a chuspóir tosaigh tacú le gach údarás áitiúil maidir le ceapadh a gcur chuige i leith comhpháirtíocht ionaid oibre. Le deich mbliana anuas, rinne sé comhordú agus tacú ar chur chun feidhme na dtionscnamh agus na gclár comhpháirtíochta atá ceaptha chun comhpháirtíocht a chur chun cinn mar mheicníocht roghnaithe le haghaidh réiteach díospóide agus cur chun feidhme an chláir oibre um athrú agus nuachóiriú i ngach údarás áitiúil.

Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

Tar éis athbhreithniú ar an tionscadal um chiste oiliúna SIPTU idir 1999 agus 2009 agus ar gach gníomhaíocht eile de chuid LANPAG, chomhaontaigh an ciste rialtais áitiúil buiséad atá an-spriocdhírithé agus laghdaithe go mór le LANPAG don bhliain 2011 agus, mar thoradh air sin, fuair sé aisíocaíocht €429,377 ó LANPAG in 2011.

4. Íocaíochtaí Ilchuspóireacha

Léiríonn an figiúr seo íocaíochtaí le húdaráis áitiúla maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 agus tá sé bunaithe ar riachtanais agus acmhainní na n-údaráis áitiúil agus ar an mbeartas cothromaithe a oibríonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. In 2009, chomhaontaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur cheart d'údaráis áitiúla asbhaintí a bhaineann le pinsin fostaithe (PRDanna) a choinneáil agus gur cheart íocaíochtaí deontais ilchuspóirigh a dhéanamh glan ar na hasbhaintí coinnithe seo. Mar chuid den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009, bhí asbhaintí a bhaineann le pinsin fostaithe údaráis áitiúil le cur ar ais chuig an Státchiste. San earnáil rialtais áitiúil, baineadh é seo amach tar éis an bhunlíne a bhaint do ranníocaíocht an Státchiste leis an gCiste Rialtais Áitiúil. Ligeann sé seo don Státchiste a ranníocaíocht bhliantúil leis an gCiste Rialtais Áitiúil a chinneadh, agus aird ar na hasbhaintí a bhaineann le pinsean a choinníonn na húdaráis áitiúla gach bliain. B'ionann an asbhaint iomlán a bhaineann le pinsean a chuir údaráis áitiúla in iúl don Chiste maidir leis an mbliain 2011 agus €90m (€85.7m in 2010).

5. Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Léiríonn sé seo íocaíochtaí a rinneadh leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ón gCiste chun cabhrú le húdaráis áitiúla costais a bhain le clár oibreacha ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla (ar tugadh Clár na mBóithre Neamh-Náisiunta air roimhe) a íoc. Aistríodh freagracht as an gclár a riar chuig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le héifeacht ón 1 Eanáir 2008. Tá cead ag an Aire íocaíochtaí a dhéanamh ón gCiste leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt de bhua an Achta Rialtais Áitiúil, 1998, arna leasú ag an Acht Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre), 2007.

Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

6. Seirbhísí Uisce

Baineann an caiteachas seo leo seo a leanas:-

Grúpscéimeanna Uisce

Forchúiteamh caiteachais a rinne údaráis áitiúla le grúpscéimeanna uisce don scéim fordheontais i leith na gcostas oibriúcháin a bhain le huisce a sholáthar le haghaidh úsáid teaghlaigh. Cuimsíonn sé freisin cúnamh airgeadais a cuireadh ar fáil i leith na gcostas a thabhaigh na húdaráis áitiúla maidir le riarachán an Chláir Uisce Tuaithe dhéabhlóidithe a íoc. B'ionann costas na nGrúpscéimeanna Uisce in 2011 agus €23m (€17m in 2010).

Uisce agus Dramhuisce Údaráis Áitiúil

B'ionann na deontais speisialta a íocadh le húdaráis áitiúla chun cabhrú leo costais a bhain le hoibriú agus le cothabháil ionaid cóireála nuachríochnaithe a íoc agus €4.9m (€8.7m in 2010) agus b'ionann na costais a bhain le costais ghinearálta a thabhaigh údaráis áitiúla maidir le bainistíocht a gcuid seirbhísí uisce agus dramhuisce agus €5.2m (€11.8m in 2010).

Deontas Oiliúna Údarás Áitiúil

In 2011, chuir an Roinn deontas speisialta ar fáil i gcomhair na gcostas oiliúna d'fhoireann an Údaráis Seirbhísí Uisce atá páirteach in oibriúcháin seirbhísí uisce agus i soláthar bonneagair. B'ionann an caiteachas iomlán ón gCiste Rialtais Áitiúil do 2011 agus €0.855m (€1.022m in 2010).

7. Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Thiománaithe agus Feithiclí

Léiríonn sé seo an tsuim inmhuirir i leith an Chiste maidir le caiteachas a thabhaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar gheall ar Cheadúnú Feithiclí agus Tiománaithe faoi réir Alt 6(5) den Acht Rialtais Áitiúil 1998, arna leasú ag an Acht Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre) 2007.

8. Áiseanna Spóirt don Phobal

Baineann an íocaíocht seo le maoiniú deontais a chuir an tAire ar fáil do Chomhairle Contae Átha Cliath Theas chun áis chultúrtha/oideachas/acmhainne nua a fhorbairt i gceantar Chluain Dolcáin.

Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

9. Comhpháirtíocht Áitiúil

Léiríonn an caiteachas seo costais a tabhaíodh agus a éilíodh maidir le tionscnaimh Chomhpháirtíochta Áitiúla mar seo a leanas:

	2011	2010
	€	€
Clár Máistir Riarachán Gnó Corparáideach de chuid Rialtas Áitiúil	668,965	-
Clár Ceannaireachta IPA	<u>72,000</u>	<u>30,000</u>
Iomlán	<u>740,965</u>	<u>30,000</u>

10. Bearta um Chuimsiú Sóisialta

Léiríonn an caiteachas seo costais a thabhaigh agus a d'éiligh údaráis áitiúla maidir le haonaid chuimsithe shóisialta a sholáthar agus do bheartais um chuimsiú sóisialta i limistéir chlár RAPID.

11. Maoiniú d'Aimsir Chrua Gheimhridh

Baineann an figiúr seo leis an gcaiteachas a thabhaigh údaráis áitiúla maidir le hAimsir Chrua Gheimhridh in 2010.

12. Coiste na Réigiún

Léiríonn sé seo an costas a bhain le freastal ar Thoscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún. Tá oifigí i mBaile Átha Cliath agus sa Bhruiséil ag an toscaireacht agus déanann sí ionadaíocht do leasanna réigiúnacha na hÉireann ar Choiste na Réigiún (CoR). Is Coiste an AE é Coiste na Réigiún ina bhfuil toscairí ó na 27 tír san AE a dhéanann ionadaíocht do rialtas áitiúil agus réigiúnach i bpróiseas cinnteoireachta an AE. Roimh an mbliain 2011, cuireadh an maoiniú seo (€270,637 in 2010) san áireamh sa Deontas Ilfheidhmeach do Chomhairle Contae Fhine Gall, óna dtarraingíonn Toscaireacht na hÉireann a cuid cistí. Ón mbliain 2011 ar aghaidh, tá an maoiniú chun costas Thoscaireacht na hÉireann a íoc á chur ar fáil ar leithligh do Chomhairle Contae Fhine Gall.

Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

13. Riarachán an Cheadúnaithe Tiománaithe

Le héifeacht ón 18 Meitheamh 2002, aistríodh an fheidhm chun ceadúnais tiomána a riar ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chuig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Thabhaigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt caiteachas €158,455 agus ceadúnais tiomána á riar sa bhliain 2011 (€200,000 in 2010).

14. Fóram Stiúrtha Uile-Oileáin

Léiríonn an caiteachas seo maoiniú chun tacú leis an bhFóram Stiúrtha Uile-Oileáin ina bhfuil ionadaithe ó Chumann na bPríomfheidhmeannach Údaráis Áitiúil (SOLACE) agus Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA). Is é ról an Fhóraitm caidreamh a chothú idir údaráis áitiúla ar bhonn uile-oileáin.

15. Eile

Tugtar cúnamh d'údaráis áitiúla chun na costais a bhaineann le tionscadail ilghnéitheacha a íoc mar seo a leanas:

	2011	2010
	€	€
An tSeirbhís Dóiteáin a Fheabhsú agus a Nuachóiriú	249,633	239,349
Fearann na Manach, Ros Comáin	150,000	-
Cuairt Uachtarán SAM	111,000	-
Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas	45,000	-
Cathaoirleach Neamhspleách do Choiste Forfheidhmithe na nÚdarás Áitiúil	11,970	-
Forchúiteamh Táillí Dlí le hÚdaráis Áitiúla	7,332	-
Córas Costála Údarás Áitiúil	-	41,882
Iomlán	574,935	281,231

Nótaí leis na Cuntais (ar lean)

16. Mótarcháin atá dlite

Léiríonn sé seo glandliteanas na nÚdarás Mótarchánach leis an gCiste maidir le Mótarcháin amhail an 31 Nollaig 2011. Cuimsítear ann:

	2011	2010
	€	€
Mótarcháin a bhí dlite ag deireadh na bliana	5,553,967	4,162,752
Airgead Mótarchánach a bhí faoi bhealach sa chóras baincéireachta amhail deireadh na bliana	1,319,347	1,592,841
Iomlán	<u>6,873,314</u>	<u>5,755,593</u>

17. Fabhruithe

Léiríonn sé seo dliteanais fhabhraithe mar seo a leanas:

	2011	2010
	€	€
Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta um Thiománaithe agus Feithiclí	45,131	-
Iomlán	<u>45,131</u>	<u>-</u>



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuairiscáil le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Ciste Rialtas Áitiúil

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais don Chiste Rialtas Áitiúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 faoi réir an Achta um Rialtas Áitiúil 1998. Tá na nithe seo a leanas san áireamh sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi réir na bpolasaithe cuntasaíochta leagtha síos ann, na Polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí a ghabhann leo. 'Sé an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh agus iad á ullmhú ná an dlí is infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta leis in Éirinn.

Freagrachtaí na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Tá an Roinn freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar idirbhearta an Chiste agus ar a staid ghnóthaí agus as rialtacht na n-idirbheart.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhualgas ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu i gcomhaontú leis an dlí is infheidhme.

Tá mo iniúchadh déanta trí thagairt do na nithe speisialta is gá a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin.

Tá mo iniúchadh déanta i gcomhaontú leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta d'Iniúchadh (Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhaontú le Caighdeáin Chleachtas Iniúcháireachta an Bhoird d'Iniúcháirí Eiticiúla.

Réimse an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

Sé tá i gceist le iniúchadh ná fianaise a fháil i dtaobh méid agus nochtadh eolais sna ráitis airgeadais, gur leor í chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis seo measúnú ar

- chibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí agus curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go fónta
- réasúntacht na meastacháin chuntasaíochta shuntasacha a rinneadh in ullmhú na ráitis airgeadais, agus

- cur i láthair foriomlán na ráitis airgeadais.

Déanaimse iarracht chomh maith fianaise a fháil i rith an iniúchta ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairimse tugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart i gcomhaontú leis an gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta leis in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar idirbhearta an Chiste don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 agus ar staid a ghnóthaí ar an dáta sin.

I mo thuairimse choimeád an Roinn na leabhair chuntais go ceart. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Ábhair ar a gTugaimse Tuairisc de réir eisceachta

Tugaimse tuairisc de réir eisceachta sa chás

- nach bhfuair me an t-eolas agus na míniúcháin iomlan atá ag teastáil uaim do mo iniúchadh, nó
- gur thug mo iniúchadh aon chás ábhartha faoi ndeara nár cuireadh suimeanna airgid chun na húsáide a bhí beartaithe dóibh nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhaontú leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- go bhfaighimse aon chásanna ábhartha eile a bhaineann leis an gcaoi inar rinneadh an gnó poiblí.

Níl aon tuairisc le tabhairt agam i leith na hábhair seo a bhaineann le tuairisc de réir eisceachta.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Samhain, 2012

